C/2026/2608

20.5.2026

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI)

(C/2026/2608)

Rapóirtéir:	Pehr GRANFALK (SE/PPE), Comhalta de Chomhairle Bardais Solna
Doiciméad tagartha:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialachán (AE) 2021/696 agus Rialachán (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP] COM(2025) 555 final

I. MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE

Leasú 1

Aithris 5

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Éilítear leis sin freisin go n-éascóidh cistiú ón Aontas cruthú agus leathnú éiceachóras nuálach agus tionsclaíoch, ina n-idirghníomhaíonn gníomhaithe éagsúla ar bhealach sineirgeach. Tá idirghníomhaíochtaí diana solúbtha agus comhar idir cuideachtaí beaga agus móra, institiúidí taighde ollscoileanna, soláthraithe bonneagair, infheisteoirí chomh maith le húdaráis phoiblí mar chuid d'éiceachórais rathúla. Gan comhar den sórt sin laistigh d'éiceachórais nuálaíochta agus thionsclaíocha aonair, agus gan an comhar sin a bheith eatarthu, fágtar acmhainneacht na nuálaíochta gan saothrú.	Éilítear leis sin freisin go n-éascóidh cistiú ón Aontas cruthú agus leathnú éiceachóras nuálach agus tionsclaíoch, ina n-idirghníomhaíonn gníomhaithe éagsúla ar bhealach sineirgeach. Tá idirghníomhaíochtaí diana solúbtha agus comhar idir cuideachtaí beaga agus móra, institiúidí taighde ollscoileanna, soláthraithe bonneagair, infheisteoirí chomh maith le húdaráis phoiblí mar chuid d'éiceachórais rathúla ***ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta***. Gan comhar den sórt sin laistigh d'éiceachórais nuálaíochta agus thionsclaíocha aonair, agus gan an comhar sin a bheith eatarthu, fágtar acmhainneacht na nuálaíochta gan saothrú.

Cúis

Leagtar béim ar ról CEI agus an chaoi a gcuireann sé leis an slabhra luacha trí thacú le bonneagair straitéiseacha a chur in úsáid laistigh de na réigiúin agus d'éiceachórais nuálaíochta atá ann cheana agus trí naisc níos láidre a chothú idir na héiceachórais sin ar fud an Aontais. Is ar an gcaoi sin a rannchuidíonn sé le slabhraí soláthair comhtháite Eorpacha a fhorbairt agus comhtháthú críochach agus iomaíochas réigiúnach á dtreisiú san am céanna.

Leasú 2

Aithris nua (51)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Ba cheart é a bheith ina chuspóir ríthábhachtach ag CEI cur i gcrích an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn agus tacú leis trína chur ar chumas gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, fás, méadú agus nuáil a dhéanamh. Mar ábhar tosaíochta, ba cheart do CEI féachaint le rochtain níos fearr ar chistiú, ar

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	fhaisnéis agus ar chúnamh riaracháin a éascú do ghnólachtaí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le Margadh Aonair níos iomaíche, níos dinimiciúla agus níos comhtháite a chruthú ar fud na mBallstát uile. Mar chuid den tacaíocht sin, ba cheart treoir agus feasacht fheabhsaithe a chur ar fáil maidir le conas rochtain a fháil ar chistí an Aontais agus ar ionstraimí gaolmhara, agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun na hualaí riaracháin agus maorlathacha a chuireann bac faoi láthair ar rochtain éifeachtach ar mhaoiniú agus ar bhearta tacaíochta den sórt sin a laghdú.

Cúis

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh CEI tús áite do chur i gcrích an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn trí chuidiú le gnólachtaí. Ba cheart do CEI feasacht a ardú maidir le deiseanna cistiúcháin ón Aontas agus, san am céanna, laghdú a dhéanamh ar na hualaí riaracháin a chuireann bac ar ghnólachtaí tairbhe iomlán a bhaint as na hionstraimí sin.

Leasú 3

Airteagal 2(1), pointe nua (22)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart go gciallódh iomaíochas bearta a bhfuil fás eacnamaíoch, nuálaíocht, athléimneacht chríochach agus táirgiúlacht mhéadaithe mar thoradh orthu mar fhreagairt ar éileamh an mhargaidh laistigh den Mhargadh Aonair, chomh maith le cáilíocht níos fearr i dtéarmaí táirgí agus seirbhísí agus cóimheas praghsanna feabhsaithe do tháirgí agus do sheirbhísí.

Cúis

B'úsáideach an ní é iomaíochas a shainiú i gcomhthéacs CEI, agus é a bheith margadh-dhírithe agus áitbhunaithe.

Leasú 4

I ndiaidh Airteagal 2(21)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Sainmhíniú ar 'nuálaíocht áitbhunaithe': ***Tagraíonn an nuálaíocht áitbhunaithe don nuálaíocht atá bunaithe ar an gcomhthéacs áitiúil agus réigiúnach agus is é is aidhm di borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil, agus rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Sa bhreis air sin, tá acmhainneacht láidir aici rannchuidiú le clár oibre an Aontais um iomaíochas agus nuálaíocht a bhaint amach.***

Cúis

D'fhonn a shoiléiriú gur ann do dhálaí réigiúnacha difriúla a bhfuil tábhacht leo, maidir leis an nuálaíocht a chuireann leis an iomaíochas.

Leasú 5

Airteagal 3(1), pointe (e)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
tacaíocht taighde, nuálaíochta agus beartais thionsclaíoch a ailíniú chun barr feabhais taighde an Aontais a thiontú ina neart tionsclaíoch don Aontas ar mhargaí domhanda agus chun todhchaí na monaraíochta san Eoraip a dhaingniú;	tacaíocht taighde, nuálaíochta***, lena n-áirítear nuálaíocht áitbhunaithe,*** agus beartais thionsclaíoch a ailíniú chun barr feabhais taighde an Aontais a thiontú ina neart tionsclaíoch don Aontas ar mhargaí domhanda agus chun todhchaí na monaraíochta san Eoraip a dhaingniú;

Leasú 6

Airteagal 3(1), pointe (k)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
aistriú cóir chuig geilleagar inbhuanaithe dícharbónaithe digiteach atá cothrom agus a thacaíonn le hoibrithe agus le pobail a áirithiú.	aistriú cóir chuig geilleagar inbhuanaithe, dícharbónaithe digiteach atá cothrom agus a thacaíonn le hoibrithe agus le pobail a áirithiú ***i ngach réigiún agus Ballstát, i gcomhréir le neodracht theicneolaíoch agus béim ar leith á leagan ar na réigiúin sin atá ag brath ar thionscail dianfhuinnimh***.

Cúis

Iarrtar leis an leasú seo go n-áireofaí bearta tiomnaithe maidir leis an aistriú cóir chun tacú le claochluithe sochaíocha, lena n-áirítear éagsúlú eacnamaíoch, uas-sciliú agus athsciliú, ag cur leis an taithí dhearfach a fuarthas leis an Sásra um Aistriú Cóir sa tréimhse chistiúcháin atá ann faoi láthair agus na cathracha agus na réigiúin ina gcroílár.

Leasú 7

Airteagal 3(2), pointe (a)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun tacú leis an Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, arb iad na cuspóirí sonracha tacaíocht a thabhairt do dhícharbónú earnáil tionsclaíochta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhraí soláthair, agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe ciorclach fuinneamhéifeachtúil a bheidh tíosach ar uisce agus acmhainní, aeráidneodrach agus athléimneach. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí dícharbónaithe agus réitigh eile a bheith á nglacadh ag tionscail dá bpróisis thionsclaíocha agus dá ngníomhaíochtaí tionsclaíocha, chomh maith le dícharbónú an tsoláthair fuinnimh, cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh, glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite agus glan, forbairt sholúbthacht an chórais fuinnimh, glacadh príomh-mhargaí le haghaidh táirgí glana, forbairt, athléimneacht, comhtháthú agus digitiú na mbonneagar agus na gcóras fuinnimh agus iompair, borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chliste agus faoi	Chun tacú leis an Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, arb iad na cuspóirí sonracha tacaíocht a thabhairt do dhícharbónú earnáil tionsclaíochta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhraí soláthair, agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe ciorclach fuinneamhéifeachtúil a bheidh tíosach ar uisce agus acmhainní, aeráidneodrach agus athléimneach. ***Ar an gcaoi sin, déanfar cáilíocht an chomhshaoil, lena n-áirítear an t-aer, an t-uisce agus an ithir, a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú, agus déanfar cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras a stopadh agus a aisiompú, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche á chomhlíonadh san am céanna. Áirítear leis freisin tacaíocht don Aistriú Cóir sa mhéid go bhfuil gníomhaíochtaí críochacha saincheaptha ann chun tacú le claochluithe sochaíocha, lena n-áirítear éagsúlú eacnamaíoch, uas-sciliú agus athsciliú sna réigiúin agus sna***

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
bhreoslaí malartacha inbhuanaithe, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe, samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe a fhorbairt agus réitigh ar thaobh an éilimh le haghaidh foirgnimh ghlana dhícharbónaithe, iompar agus tionscal glan dícharbónaithe a fhorbairt, agus borradh a chur faoin táirgeadh chun rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.	***pobail is mó a ndéanann an t-aistriú chuig aeráidneodracht agus athruithe struchtúracha eile difear dóibh, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis na comhpháirtithe sóisialta.*** Áirítear leis sin teicneolaíochtaí dícharbónaithe agus réitigh eile a bheith á nglacadh ag tionscail dá bpróisis thionsclaíocha agus dá ngníomhaíochtaí tionsclaíocha, chomh maith le ***cur chun feidhme pleananna áitiúla agus réigiúnacha aeráide agus fuinnimh,*** dícharbónú an tsoláthair fuinnimh, cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh, glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite agus glan, forbairt sholúbthacht an chórais fuinnimh, glacadh príomh-mhargaí le haghaidh táirgí glana, forbairt, athléimneacht, comhtháthú agus digitiú na mbonneagar agus na gcóras fuinnimh agus iompair, borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chliste agus faoi bhreoslaí malartacha inbhuanaithe, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe, samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe a fhorbairt agus réitigh ar thaobh an éilimh le haghaidh foirgnimh ghlana dhícharbónaithe, iompar agus tionscal glan dícharbónaithe a fhorbairt***, soláthar na n-amhábhar is gá don aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe agus digitithe a ráthú*** agus borradh a chur faoin táirgeadh chun rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

Cúis

Tugtar chun suntais leis an leasú seo gur gá táirgeadh agus soláthar fuinnimh ghlain a mhéadú laistigh den Aontas, agus gur gá ligean do na Ballstáit an cur chuige is fearr a oireann do riachtanais a réigiúin féin a ghlacadh san am céanna, ar cur chuige é atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus gur gá rannpháirtíocht an phobail a oscailt do phobail fuinnimh áitiúla agus réigiúnacha ag gníomhú dóibh mar phríomhéascaitheoirí.

Is geal le CnaR go n-áirítear ionú beartais sonrach maidir leis an aistriú glan agus dícharbónú tionsclaíoch, rud atá ag brath go mór ar acmhainneachtaí áitiúla agus réigiúnacha maidir le cur chun feidhme. Iarrann sé, dá bhrí sin, go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochtaí ní hamháin ar mhaithe leis an aistriú glan ach ar mhaithe leis an aistriú cóir freisin chun tacú leis an gclaochlú tionsclaíoch agus chun na costais eacnamaíocha agus shochaíocha a bhaineann le héifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú.

Leasú 8

Airteagal 3(2), pointe (c)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas;	Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas***, lena n-áirítear ar gach leibhéal rialtais***;

Leasú 9

Airteagal 3(2), pointe (d)(4)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Maidir le tacaíocht don tslándáil thionsclaíoch shibhialta, na cuspóirí sonracha maidir le hiomaíochas agus freagrúlacht thionscal slándála sibhialta na hEorpa a neartú, i réimsí cur i bhfeidhm na slándála,	Maidir le tacaíocht don tslándáil thionsclaíoch shibhialta, na cuspóirí sonracha maidir le hiomaíochas agus freagrúlacht thionscal slándála sibhialta na hEorpa a neartú, i réimsí cur i bhfeidhm na slándála, athléimneacht bonneagar criticiúil agus

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
athléimneacht bonneagar criticiúil agus dé-úsáide, teicneolaíochtaí lena n-áirítear bonneagar criticiúil fuinnimh, agus réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha, teorainneacha a chosaint, slándáil mhuirí, slándáil chustaim agus ullmhacht shibhialta in aghaidh bagairtí slándála, chomh maith le cumais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha in earnáil na slándála sibhialta a threisiú.	dé-úsáide, teicneolaíochtaí lena n-áirítear bonneagar criticiúil fuinnimh, agus réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha, teorainneacha a chosaint, slándáil mhuirí, slándáil chustaim agus ullmhacht shibhialta in aghaidh bagairtí slándála ***agus in aghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid***, chomh maith le cumais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha in earnáil na slándála sibhialta a threisiú.

Leasú 10

Airteagal 5(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur ar fáil do CEI, arna iarraidh sin dóibh, i gcomhréir le hAirteagal X de Rialachán (AE)(XXX) an rialachán maidir le Ciste CNR).	**Le scriosadh.**

Leasú 11

Airteagal 7(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Éascóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhordú agus comhleanúnachas idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí comhchoiteanna iomaíochais i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo agus a bhfuil leas na hEorpa i gcoitinne ag baint leo.	Éascóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhordú agus comhleanúnachas idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí comhchoiteanna iomaíochais i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo agus a bhfuil leas na hEorpa i gcoitinne ag baint leo. ***Ba cheart réigiúin a bheith rannpháirteach go fóinteach sa chomhordú sin bunaithe ar fhorálacha rialachais il-leibhéil agus comhpháirtíochta (de réir Airteagal 6 den Rialachán maidir le Ciste Phlean CNR) agus i gcomhréir iomlán le Cód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht.***

Leasú 12

Airteagal 7(4), pointe nua

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Chun a chinntiú go leanfar d'iarrachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le haistriú cóir a bhaint amach, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit go mbeidh an tacaíocht a

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo comhleanúnach agus comhlántach le straitéisí agus caibidlí críochacha um aistriú a leagtar amach i Rialachán (AE) [XXX] maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, go háirithe do na réigiúin agus na críocha is mó a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus tíosach ar acmhainní difear dóibh. Beidh dlúthbhaint ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le dearadh agus cur chun feidhme na tacaíochta sin agus ar an bhfaireachán agus an mheastóireacht a dhéanfar uirthi, i gcomhréir le prionsabail an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta.

Leasú 13

Airteagal 9a

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	1. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, agus ag brath ar chineál an nós imeachta dámhachtana, cuirfear na prionsabail seo a leanas san áireamh sna critéir dhámhachtana a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15: ***(a) measúnú ar cháilíocht na dtograí arna dtíolacadh i bhfianaise na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3;*** ***(b) measúnú ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na tograí agus ar an tionchar a bheidh acu ar bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3;*** ***(c) a mhéid a chumasaíonn na tograí tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí sonracha i gCaibidlí III, IV, V, VI agus VII, Ranna 1, 3 agus 4, agus cineál na ngníomhaíochtaí á chur san áireamh.*** ***(d) tionchar a bhfuil sé cruthaithe ina leith go neartaíonn sé éiceachóras na nuálaíochta trí bhíthin na nuálaíochta áitbhunaithe.*** ***2. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar chritéir dhámhachtana.*** ***3. Ní bheidh feidhm ag an airteagal seo maidir le cláir oibre arna nglacadh chun na gníomhaíochtaí faoi Chaibidil VII, Roinn 2 a chur chun feidhme.***

Cúis

Soiléiriú.

Leasú 14

Airteagal 10(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Féadfar coinníollacha incháilitheachta a leagan amach sa chlár oibre, sna treoirlínte infheistíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cosaint leasanna eacnamaíocha agus uathriail an Aontais i gcás inar gá agus inarb iomchuí, lena n-áirítear cosaint trí choinníollacha fabhracha amhail srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, agus saobhadh an mhargaidh aonair á theorannú ag an am céanna. Féadfaidh na coinníollacha incháilitheachta sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:	Féadfar coinníollacha incháilitheachta a leagan amach sa chlár oibre, sna treoirlínte infheistíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cosaint leasanna eacnamaíocha agus uathriail an Aontais i gcás inar gá agus inarb iomchuí, lena n-áirítear cosaint trí choinníollacha fabhracha amhail srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, agus saobhadh an mhargaidh aonair á theorannú ag an am céanna ***faoi mar a léirítear i measúnuithe tionchair leordhóthanacha nó i measúnuithe tionchair chríochaigh***. Féadfaidh na coinníollacha incháilitheachta sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

Leasú 15

Airteagal 14(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord Geallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, tar éis glao oscailte ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, nó iad araon, cibé acu is iomchuí leis an gCoimisiún, agus an gá atá le cothromaíocht maidir leis an earnáil, an cineál eagraíochta, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha, agus an méid, saineolas, inscne, aois agus dáileadh geografach á chur san áireamh. Beidh téarma na gcomhaltaí teoranta do cheithre bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin. Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú le sláine agus le hionracas.	Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord Geallsealbhóirí Straitéiseacha CEI, tar éis glao oscailte ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, nó iad araon, cibé acu is iomchuí leis an gCoimisiún, agus an gá atá le cothromaíocht maidir leis an earnáil, an cineál eagraíochta, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha, agus an méid, saineolas, inscne, aois agus dáileadh geografach á chur san áireamh ***ar gach leibhéal rialtais, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla mar aon le braislí réigiúnacha***. Beidh téarma na gcomhaltaí teoranta do cheithre bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin. Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú le sláine agus le hionracas.

Leasú 16

Airteagal 14(11)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí agus na cláir oibre á bhforbairt, trí ardán téamach amháin nó níos mó a chruthú in aghaidh an ionú.	Áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i gcomhairle le geallsealbhóirí ***ar gach leibhéal rialtais, lena n-áirítear gníomhaireachtaí nuálaíochta réigiúnacha, braislí agus gníomhaireachtaí forbartha,*** agus na cláir oibre á bhforbairt, trí ardán téamach amháin nó níos mó a chruthú in aghaidh an ionú.

Leasú 17

Airteagal nua i ndiaidh phointe 14

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Cur chun cinn na nuálaíochta áitbhunaithe:
	— ***Déanfaidh CEI acmhainneacht na nuálaíochta áitbhunaithe a chur chun cinn agus a ghiaráil trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) ceachtanna a fhoghlaim ón gcomhthéacs áitiúil, (ii) infheistíochtaí Eorpacha a chur i gcomhréir le tosaíochtaí comhroinnte, agus (iii) an acmhainneacht maidir le fás táirgiúlachta a leathnú. Ar an gcaoi sin, áiritheofar imscaradh agus scálú níos fearr, agus fás eacnamaíoch á chur chun cinn i ngach cineál áite agus treoíocht chlár oibre an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht agus cuimsitheacht á coinneáil san am céanna.***
	— ***Bainfear an méid sin amach trí na struchtúir rialachais a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach maidir le príomhthosaíochtaí agus ar an gcaoi sin bonn a chur ar fáil do rannpháirtíocht ghníomhach na n-éiceachóras críochach i gcuspóirí sonracha an chiste.***
	— ***Tá sé beartaithe na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:***
	— ***straitéisí athnuaite um speisialtóireacht chliste i réigiúin na hEorpa atá i gcomhréir le spriocanna fadtéarmacha na hEorpa maidir le hinbhuanaitheacht agus cuimsitheacht a úsáid d'fhonn sineirgí éifeachtacha a chur chun cinn trí bhearta tacaíochta an Aontais don nuálaíocht áitbhunaithe a chomhcheangal;***
	— ***sineirgí éifeachtacha a chur chun cinn trí thacaíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta do straitéisí athnuaite um speisialtóireacht chliste a chomhcheangal le tosaíochtaí iomaíochais agus nuálaíochta an Aontais;***
	— ***córais nuálaíochta áitbhunaithe a threisiú trí bhearta fothaithe acmhainneachta lena gcuirtear cineálacha cur chuige claochlaitheacha nuálaíochta chun cinn;***
	— ***tacú le líonrú na n-éiceachóras nuálaíochta go háirithe feadh slabhraí luacha Eorpacha d'fhonn comhchruthú agus an fhoghlaim fhrithpháirteach a éascú ar fud réimsí beartais, thar theorainneacha agus ar gach leibhéal rialachais chun comhleanúnachas cothrománach agus ingearach a áirithiú;***
	— ***pobal cleachtas a bhunú lena gcuirfear uirlisí nuálacha i bhfeidhm chun coincheapa ceannródaíocha maidir le claochlú áitbhunaithe atá dírithe ar an nuálaíocht a chur chun cinn;***
	— ***acmhainní a chur ar fáil chun cineálacha cur chuige nua a fhorbairt maidir le cur chun cinn na nuálaíochta agus iad a thástáil ar an leibhéal áitiúil/réigiúnach, trí spásanna atá tiomnaithe don fhoghlaim rialála;***
	— ***tacú le bearta chun an chomhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil beartas agus beart a chur chun cinn d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh claochlú áitbhunaithe atá dírithe ar an nuálaíocht ar bhealach comhordaithe comhsheasmhach.***

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Ba cheart a chur san áireamh i ngach cuspóir cistiúcháin de chuid CEI an gá atá le teagmháil a dhéanamh leis na córais nuálaíochta áitbhunaithe agus a mbeartais á gcur chun feidhme.

Cúis

Molann an leasú seo go n-áireofaí coincheap na nuálaíochta áitbhunaithe go sainráite, ag cur leis an taithí atá ann cheana, cuir i gcás na Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste, mar phríomhuirlis seachadta do CEI chun a áirithiú go nglacfar le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí teorann agus go mbeidh táirgí nua ann mar thoradh uirthi, agus go mbainfear leas as tallann ar fud na gcríoch uile.

Leasú 18

Airteagal 15(1), pointe (a)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. Féadfar an méid a leanas a leagan amach sna cláir oibre:	1. Féadfar an méid a leanas a leagan amach sna cláir oibre:
(a) gníomhaíochtaí agus buiséad gaolmhar ó CEI chomh maith le gníomhaíochtaí a leagtar amach sa chuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre a luaitear i mír 2;	(a) gníomhaíochtaí agus buiséad gaolmhar ó CEI chomh maith le gníomhaíochtaí a leagtar amach sa chuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre a léirítear i mír 2 ***bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar na riachtanais shainaitheanta agus ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe. I gcásanna nach bhfuil sonraí fonáisiúnta ar fáil, féadfaidh cláir oibre úsáid a bhaint as torthaí ó uirlisí deonacha féinmheasúnaithe ar thacaigh an Coimisiún Eorpach leo nó a forbraíodh le tacaíocht dhíreach nó indíreach ón gCoimisiún Eorpach***;

Leasú 19

Airteagal 16

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun slabhraí luacha athléimneacha san Aontas a chothú, féadfar a áireamh sna cláir oibre glaonna ar uas-scálú ar shlabhraí luacha lena dtacófar le tionscadail a ullmhú agus caipiteal poiblí agus príobháideach breise a phlódú isteach chun soláthróirí, monaróirí agus nuálaithe ó Bhallstáit éagsúla a chomhtháthú agus foinsí soláthair a éagsúlú.	Chun slabhraí luacha athléimneacha san Aontas a chothú, féadfar a áireamh sna cláir oibre glaonna ar uas-scálú ar shlabhraí luacha lena dtacófar le tionscadail a ullmhú agus caipiteal poiblí agus príobháideach breise a phlódú isteach chun soláthróirí, monaróirí agus nuálaithe ó Bhallstáit éagsúla a chomhtháthú agus foinsí soláthair a éagsúlú. ***Ba cheart foráil a dhéanamh iontu freisin maidir le bearta chun comhar idir-réigiúnach agus trasteorann na n-éiceachóras áitiúil agus réigiúnach a chur chun cinn feadh na slabhraí luacha sin.***

Leasú 20

Airteagal 21(4)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Is é EUR 17 000 000 000 íosmhéid na tacaíochta ón Aontas ó CEI a sholáthrófar trí Ionstraim InvestEU CEI, a úsáidfear chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Méadófar an t-íosmhéid sin leis na ranníocaíochtaí ó na cláir oibre a leagtar amach in Airteagal 15. Modh fabhrach cur chun feidhme a bheidh sna ranníocaíochtaí faoi CEI agus úsáidfear iad chun soláthar a dhéanamh don ráthaíocht bhuiséadach nó chun na hionstraimí airgeadais a mhaoiniú.	Is é EUR 17 000 000 000 íosmhéid na tacaíochta ón Aontas ó CEI a sholáthrófar trí Ionstraim InvestEU CEI, a úsáidfear chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. ***Féadfaidh an t-íosmhéid sin oibriú trí na ceithre ionú beartais a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointí (a), (b), (c) agus (d) de Rialachán (AE) 2021/523.*** Méadófar an t-íosmhéid sin leis na ranníocaíochtaí ó na cláir oibre a leagtar amach in Airteagal 15. Modh fabhrach cur chun feidhme a bheidh sna ranníocaíochtaí faoi CEI agus úsáidfear iad chun soláthar a dhéanamh don ráthaíocht bhuiséadach nó chun na hionstraimí airgeadais a mhaoiniú.

Leasú 21

Airteagal 25, pointe nua i ndiaidh phointe 1

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Gan dochar do roghnú tráthúil na gcomhpháirtithe cur chun feidhme nua, féadfaidh an Coimisiún brath ar na comhaontuithe le comhpháirtithe cur chun feidhme arna dtabhairt i gcrích faoi Rialachán (AE) 2021/523, agus iad a athúsáid go hiomlán nó go páirteach, agus ar mheasúnuithe arna ndéanamh aige féin nó ag eintitis eile i gcomhthéacs comhaontuithe faoin Rialachán sin.

Cúis

I gcomhréir le hAithris 69, chun bainistíocht fhónta airgeadais, leathadh amach agus simpliú níos tapúla chuig eintitis ar cuireadh cúram orthu a áirithiú, ba cheart cur chun feidhme Ionstraim InvestEU CEI a bheith bunaithe ar chomhaontuithe atá ann cheana, ar theimpléid le haghaidh socruithe dlíthiúla agus conarthacha, agus ar uirlisí faireacháin agus tuairiscithe seanbhunaithe.

Leasú 22

Airteagal 27(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Bunófar Líonra ‘An tAontas ar son an Ghnó’ chun cabhrú le gnólachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus níos nuálaí, agus chun fás agus uas-scálú sa Mhargadh Aonair agus níos faide i gcéin, agus béim ar leith á leagan ar FBManna, ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá i mbun fáis agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Beidh cumhdach uile-Aontais agus cothrom ó thaobh geografaíochta de ag an líonra, agus sainiúlachtaí gach cineáil réigiún san Aontas á gcur san áireamh, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas.	Bunófar Líonra ‘An tAontas ar son an Ghnó’ chun cabhrú le gnólachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus níos nuálaí, agus chun fás agus uas-scálú sa Mhargadh Aonair agus níos faide i gcéin, agus béim ar leith á leagan ar FBManna, ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá i mbun fáis agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Beidh cumhdach uile-Aontais agus cothrom ó thaobh geografaíochta de ag an líonra, agus sainiúlachtaí gach cineáil réigiún san Aontas á gcur san áireamh, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas. ***Cuirfidh sé a mhéid is féidir leis na líonraí atá ann cheana.***

Leasú 23

Airteagal 28(1), pointe (e)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
rochtain agus infhaighteacht airgeadais a mhéadú do FBManna, lena n-áirítear micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta, agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga;	rochtain agus infhaighteacht airgeadais a mhéadú do FBManna, lena n-áirítear micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta, agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga; ***ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do FBManna go háitiúil, sna háiteanna ina n-oibríonn siad;***

Leasú 24

Airteagal 29

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Tacóidh gach ionú le gníomhaíochtaí tiomnaithe earnáilsonracha lena ndíreofar ar ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nó ar ghlaonna ar FBManna in earnálacha straitéiseacha d'fhonn nuálaíocht, luathú gnó, tráchtálú agus uas-scálú a chothú.	Tacóidh gach ionú le gníomhaíochtaí tiomnaithe earnáilsonracha lena ndíreofar ar ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nó ar ghlaonna ar FBManna in earnálacha straitéiseacha d'fhonn nuálaíocht, luathú gnó, tráchtálú agus uas-scálú a chothú. ***Chuige sin, cuirfear den chuid is mó leis na struchtúir tacaíochta atá ann cheana.***

Leasú 25

Airteagal 33(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Cuirfear tacaíocht don ionú 'aistriú glan agus dícharbónú tionsclaíoch' chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:	***Beidh an*** tacaíocht don ionú 'aistriú glan agus dícharbónú tionsclaíoch' ***neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus cuirfear*** chun feidhme ***í*** go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

Cúis

Leis an leasú seo, leagtar béim ar an ngá atá le neodracht theicneolaíoch.

Leasú 26

Airteagal 33(1), pointe (c)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
c) Fuinneamh glan agus réitigh dícharbónaithe in earnáil na tionsclaíochta, lena n-áirítear leictriú tionscal dianfhuinnimh agus gabháil, stóráil agus úsáid carbóin (CCS/CCU)***, agus i gcathracha, go háirithe le haghaidh fuinnimh, iompair agus foirgneamh***.	c) Fuinneamh glan agus réitigh dícharbónaithe in earnáil na tionsclaíochta, lena n-áirítear leictriú tionscal dianfhuinnimh agus gabháil, stóráil agus úsáid carbóin (CCS/CCU).

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	(d) Pleananna gníomhaíochta aeráide agus fuinnimh a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, go háirithe i gcás fuinnimh, iompair agus foirgneamh.

Leasú 27

Airteagal 33(1), pointe (o)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(o) Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.	(o) Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta***, réigiúnacha agus áitiúla*** agus le páirtithe leasmhara, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

Leasú 28

Airteagal 33, pointe nua i ndiaidh phointe 1(o)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	Tacú le héiceachórais nuálaíochta áitbhunaithe a fhorbairt lena neartaítear gné chríochach an dícharbónaithe thionsclaíoch agus an aistrithe chóir tríd an gcomhar a éascú i measc lucht na tionsclaíochta, FBManna, eagraíochtaí taighde, agus cathracha agus réigiún; slabhraí luacha, scileanna agus acmhainneachtaí nuálaíochta na teicneolaíochta glaine atá fréamhaithe sna réigiúin a chur chun cinn; agus cur in úsáid agus méadú teicneolaíochtaí agus réiteach dícharbónaithe a chumasú ar fud chríocha uile an Aontais.

Cúis

Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh an dícharbónú tionsclaíoch agus an t-aistriú cóir bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais shonracha gach críche agus go dtógfar slabhraí luacha agus acmhainneachtaí atá fréamhaithe sna réigiúin ionas gur féidir teicneolaíochtaí glana a fhorbairt, a chur in úsáid agus a mhéadú ar fud an Aontais.

Leasú 29

Airteagal 34(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
I gcás gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht do Ghníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta sa réimse maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus aistriú i dtreo fuinneamh glan, féadfaidh an tAontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.	I gcás gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht do Ghníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta sa réimse maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus aistriú i dtreo fuinneamh glan ***mar aon le hathléimneacht aeráide agus uisce***, féadfaidh an tAontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

Leasú 30

Airteagal 37(1), pointe (a)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
An tsláinte a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear sláinte trasteorann, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh an tsaoil trí chur chuige cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus béim ar leith á leagan ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear meabhairshláinte, sláinte mheathlaitheach, uathachas, galair chardashoithíocha, ailse agus galair neamhtheagmhálacha eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le truailliú agus sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus tionscnaimh agus comhar idirnáisiúnta sláinte a fheabhsú.	An tsláinte a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear sláinte trasteorann ***agus sláinte tuaithe***, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh an tsaoil trí chur chuige cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus béim ar leith á leagan ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear meabhairshláinte, sláinte mheathlaitheach, uathachas, galair chardashoithíocha, ailse agus galair neamhtheagmhálacha eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le truailliú agus sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus tionscnaimh agus comhar idirnáisiúnta sláinte a fheabhsú.

Leasú 31

Airteagal 39(2), pointe (b)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha, agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas. […]	Ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach trí éiceachórais dhigiteacha athléimneacha a thógáil, lena n-áirítear ardscileanna digiteacha, agus ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú san Aontas***, lena n-áirítear ar gach leibhéal rialtais***. […]

Leasú 32

Airteagal 39(2), pointe (e)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.	Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, staidéir, ***aiseolas ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

Leasú 33

Airteagal 52(4)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (c), féadfar suas le ***50*** % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.	I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (c), féadfar suas le ***100*** % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

Cúis

Moltar tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil don fhreagrúlacht thionsclaíoch, don uas-scálú tionsclaíoch agus don athléimneacht i réimse na cosanta, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar.

Leasú 34

Airteagal 60(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Le Copernicus, tacófar freisin le beartais an Aontais agus beartais a Bhallstát a fhoirmliú agus a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, na mara, na gcúrsaí muirí, an atmaisféir, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha, na cosanta sibhialta, an fhaireacháin ar bhonneagar, na sábháilteachta agus na slándála, agus an gheilleagair dhigitigh, faoi ghné na Ceannaireachta Digití, a bheidh ailínithe le cuspóir Copernicus.	Le Copernicus, tacófar freisin le beartais an Aontais agus beartais a Bhallstát ***(agus beartais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach nuair is ábhartha)*** a fhoirmliú agus a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, na mara, na gcúrsaí muirí, an atmaisféir, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha, na cosanta sibhialta, an fhaireacháin ar bhonneagar, na sábháilteachta agus na slándála, agus an gheilleagair dhigitigh, faoi ghné na Ceannaireachta Digití, a bheidh ailínithe le cuspóir Copernicus.

Leasú 35

Airteagal 83(7)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh freastal mar bhreathnóirí ar chruinnithe fhoirmíochtaí na gcoistí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais á gcur san áireamh. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn pléití ar ábhair a bhaineann le hincháilitheacht, lena n-áirítear plé a bhaineann le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 10 den Rialachán seo.	I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh***, lena n-áirítear Coiste Eorpach na Réigiún,*** freastal mar bhreathnóirí ar chruinnithe fhoirmíochtaí na gcoistí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais á gcur san áireamh. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn pléití ar ábhair a bhaineann le hincháilitheacht, lena n-áirítear plé a bhaineann le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 10 den Rialachán seo.

II. MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CNAR)

Barúlacha ginearálta

1. Is díol sásaimh do CnaR an togra maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh i dtuarascáil Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa.

2. Cé gur díol sásaimh dó an simpliú, an tsolúbthacht, na sineirgí agus an comhdhlúthú a bhaineann leis an gcistiú in CEI, cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhféadfadh dúshlán a bheith i gceist leis na 14 chlár cistiúcháin a bhí ann roimhe seo a chumasc in aon ionstraim amháin chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na riachtanais chistiúcháin sna réimsí beartais sin agus gan na huirlisí éifeachtacha a bhí i bhfeidhm sna cláir roimhe seo chun teagmháil a dhéanamh leis an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a chailleadh.

3. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhfuil gá le trédhearcacht fheabhsaithe maidir le struchtúr agus rialachas athbhreithnithe an Chiste i bhfianaise chomhdhlúthú na gclár, ionas go mbeidh sé inaitheanta go soiléir cé na cláir agus na hionstraimí a fhanfaidh laistigh den Chiste, cén cháil ina bhfuil siad, agus cé na cinn a scoirfear díobh toisc nach tosaíochtaí iad.

4. Cuireann CnaR chun suntais go bhfuil ról lárnach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ní hamháin mar thairbhithe incháilithe an chiste ach mar phríomhchumasóirí, príomhéascaitheoirí agus príomhbhinsí tástála na n-éiceachóras nuálaíochta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil freisin lena dtugtar le chéile institiúidí taighde agus oideachais, gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta.

5. Cuireann sé i bhfios go láidir, dá bhrí sin, gur gá an cur chuige domhanda maidir le hiomaíochas mar a shainítear i dtuarascáil Draghi a úsáid i gcomhréir le cur chuige áitbhunaithe lena mbaintear leas as an acmhainneacht fáis ar fud an Aontais.

6. Cuireann CnaR i bhfios go láidir gur príomhuirlisí áitbhunaithe iad na Straitéisí athnuaite um Speisialtóireacht Chliste (S3) chun sineirgí a neartú idir na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas trí thosaíochtaí iomaíochais na hEorpa a chur i gcomhréir le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus le láidreachtaí tionsclaíocha.

7. I ndáil leis sin, tugann CnaR chun suntais go bhfuil ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe freisin ós rud é gur beartas infheistíochta é a rannchuidíonn le hiomaíochas áitiúil agus réigiúnach a chur chun cinn ar mhaithe le hEoraip níos cliste sa chlárthréimhse reatha. Cuireann sé in iúl, dá bhrí sin, gur cúis mhór bhuartha di an togra le haghaidh Phlean CNR sa chéad CAI eile nach n-aithníonn go sainráite ról na réigiún sa phróiseas cinnteoireachta agus a chaitheann amhras ar an gcaoi a mbainfidh gach réigiún san Aontas tairbhe as an mbeartas comhtháthaithe.

8. Meabhraíonn CnaR, sa chomhthéacs sin, gur cuspóir de chuid an Chonartha é an comhtháthú críochach agus iarrann sé go n-áireofaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh don chomhtháthú' i CEI, lena n-éileofaí go mbeadh measúnuithe tionchair chríochaigh *ex ante* le haghaidh cláir oibre, glaonna agus roghnúcháin.

9. Iarrann CnaR go ndéanfaí na himchlúdaigh airgeadais de cheithre ionú beartais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas faoi seach a athchothromú chun acmhainní leordhóthanacha agus intuartha a ráthú don aistriú éiceolaíoch agus don aistriú digiteach, ar rudaí iad atá riachtanach d'iomaíochas fadtéarmach, inbhuanaithe agus cuimsitheach na hEorpa.

10. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go mbraitheann iomaíochas an Aontais freisin ar laghdú a dhéanamh ar na costais eacnamaíocha agus shochaíocha a bhaineann le tionchar diúltach an athraithe aeráide. I ndáil leis an méid sin, iarrann CnaR go ndéanfaí gníomhaíochtaí níos substaintiúla i dtaca le hoiriúnú don athrú aeráide agus le hullmhacht do thubaistí a bhaineann leis an aeráid.

11. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an easpa tithíochta inacmhainne ina bagairt eacnamaíoch anois ar iomaíochas na ngeilleagar áitiúil agus réigiúnach, rud a chruthaíonn bacainní ar mhargadh an tsaothair agus a chuireann leis an nganntanas lucht saothair. I ndáil leis an méid sin, iarrann CnaR go ndéanfaí acmhainní a leithdháileadh trí CEI freisin chun an dúshlán práinneach sin a mhaolú.

Cuspóir agus Struchtúr CEI

12. Is geal le CnaR an ról neartaithe atá beartaithe do InvestEU faoi CEI mar phríomhionstraim chun tacú le méadú tionsclaíoch ar fud slabhraí luacha straitéiseacha. Cuireann sé i bhfáth gur cheart níos mó a bheith i gceist leis an tacaíocht sin ná an fhorbairt theicneolaíoch ach gur cheart tacú freisin leis na scileanna, an oiliúint agus na hacmhainneachtaí is gá d'imlonnú margaidh. Ba cheart d'ionstraimí airgeadais a bhainistítear go lárnach rannchuidiú le rioscaí teicneolaíochta, airgeadais agus margaidh a laghdú le linn céimeanna ríthábhachtacha an mhéadaithe agus freagairt do riachtanais na n-éiceachóras réigiúnach agus áitiúil san am céanna.

13. Molann CnaR go mbeadh airteagal ar leith ann maidir le nuálaíocht áitbhunaithe, lena n-áiritheofaí go ndéanfaidh CEI acmhainneacht na nuálaíochta áitbhunaithe a chur chun cinn agus a ghiaráil trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) ceachtanna a fhoghlaim ón gcomhthéacs áitiúil, (ii) infheistíochtaí Eorpacha a chur i gcomhréir le tosaíochtaí comhroinnte, agus (iii) an acmhainneacht d'fhás táirgiúlachta a leathnú agus fás eacnamaíoch i ngach cineál áite á chur chun cinn san am céanna.

14. Is díol sásaimh do CnaR an smaoineamh go mbeadh Leabhar Rialacha Aonair ann chun ionstraimí cistiúcháin éagsúla a shimpliú a thuilleadh agus chun sineirgí níos fearr a bhaint amach eatarthu agus, ar an gcaoi sin, deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a chur ar fáil do thairbhithe. Cuireann sé i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil comhordú agus soiléireacht éifeachtach de dhíth chuige sin chun forluí agus neamhréireachtaí sa chur chun feidhme a sheachaint. Iarrann sé, dá bhrí sin, go mbunófaí pleanáil infheistíochta ar riachtanais nithiúla na ngníomhaithe tionsclaíocha ar an láthair chun an tionchar a uasmhéadú agus iomaíochas fadtéarmach na hEorpa a neartú.

15. Is díol sásaimh dó go bhfuil sé beartaithe caiteachas CEI a chur i gcomhréir le spriocanna uile-Aontais. Tugann sé dá aire, áfach, nach ndéantar aon tagairt shainráite sa togra do phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh mar shásra tábhachtach comhordúcháin agus iarrann sé, dá bhrí sin, go ndéanfaí soiléiriú breise ar an gcaoi a n-idirghníomhódh CEI leis an sásra sin.

16. Cuireann CnaR i bhfáth, áfach, cé go bhfuil próiseas an tSeimeastair Eorpaigh suntasach, nach mór a chur i bhfios go láidir freisin go bhfuil coinníollacha lena n-áiritheofar intuarthacht agus cobhsaíocht fhadtéarmach bunriachtanach má táthar chun infheistíocht mhéadaithe a éascú go héifeachtach le CEI. Ar an gcaoi sin, cosnófar infheistíochtaí ar athruithe a eascraíonn as próisis bhuiséadacha bhliantúla.

17. Molann CnaR go dtabharfaí aird ar leith ar shineirge rianúil agus éifeachtach a áirithiú le cláir agus beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, agus leis an gclár Fís Eorpach agus leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

18. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach chun nós imeachta maoinithe agus tuairiscithe a áirithiú lena dtugtar deimhneacht dhlíthiúil agus, ag an am céanna, atá trédhearcach agus inrochtana. Níor cheart an tairseach riaracháin do mhaoiniú a bheith ró-ard, ionas nach n-eisiafar gníomhaithe beaga, ar féidir leo cur leis an nuálaíocht mhéadaithe.

19. Molann CnaR go nglacfadh ionadaithe na n-údarás áitiúil agus réigiúnach páirt i mboird chomhairleacha agus i struchtúir rialachais CEI chun naisc éifeachtacha leis an nuálaíocht áitbhunaithe agus sineirgí éifeachtacha le hinfheistíocht phoiblí ar an láthair a áirithiú agus d'fhonn béim a leagan ar réitigh shaincheaptha.

20. Cuireann CnaR i bhfáth, thairis sin, gur gá don Chiste Eorpach um Iomaíochas tacú le fíor-chomhbheartas tionsclaíoch Eorpach seachas é a ilroinnt i 27 gcur chuige náisiúnta, agus iarrann sé, dá bhrí sin, go mbeadh dlúthbhaint ag an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais le CEI chun ailíniú straitéiseach, comhleanúnachas agus comhordú na n-infheistíochtaí tionsclaíocha ar fud an Aontais a áirithiú.

Bosca Uirlisí CEI

21. Éilíonn CnaR go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach go dlúth i bpróiseas forbartha agus ullmhúcháin na gclár oibre do CEI agus go rachfaí i gcomhairle leo go rialta ina leith. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí tosaíochtaí cistiúcháin a phlé ó thaobh na riachtanas áitiúil agus réigiúnach de, agus FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus eile á gcur san áireamh, ós rud é gur minic a úsáidtear nuálaíocht ar scála beag chun réitigh nua a thástáil.

22. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé beartaithe slabhraí luacha an Mhargaidh Aonair a fhorbairt mar uirlis nuálach chun naisc ghnó a neartú thar theorainneacha. Molann sé gníomhaíochtaí tiomnaithe a chur san áireamh chun caipiteal poiblí agus príobháideach breise a mhealladh le haghaidh infheistíochtaí agus chun ról a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa phróiseas sin trí chur leis na comhghuaillíochtaí réigiúnacha tionscail atá ann cheana, cuir i gcás Comhghuaillíocht Eorpach na Réigiún Leathsheoltóirí, Comhaontas na Réigiún Táirgthe Gluaisteán, Líonra Eorpach um Réigiúin na dTionscal Ceimiceán nó Líonra Eorpach na Réigiún a bhaineann le Cosaint.

23. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhfuil ról ag na bainc réigiúnacha le haghaidh spreagadh agus ag institiúidí comhair nó institiúidí maoiniúcháin comhchosúla mar phríomh-chomhpháirtithe d'ionstraim InvestEU agus go háirithe sna comhpháirteanna náisiúnta atá beartaithe.

24. Tugann CnaR chun suntais gur cheart na bearta atá beartaithe chun tacú le ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais agus leis na gníomhaíochtaí chun borradh a chur faoin táirgeadh a bheith bunaithe ar straitéisí nuálaíochta éifeachtacha áitbhunaithe chun a áirithiú go nglacfar go héifeachtach leo ar an láthair.

25. Is geal le CnaR an tacaíocht a thugtar do Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) ach athdhearbhaíonn sé gur cúis bhuartha dó é nach mór bunú agus formheas IPCEInna a shimpliú agus a chuíchóiriú agus réigiúin an Aontais a spreagadh freisin chun dul isteach i gcuibhreannais a bheidh ann amach anseo.

Comhairle Tionscadail, Comhar le FBManna, Forbairt Scileanna agus Rochtain ar Mhaoiniú

26. Cuireann CnaR i bhfáth gur príomhspreagthaí iad FBManna d'iomaíochas na hEorpa agus iarrann sé go gcuirfí tacaíocht airgeadais ar leith ar leataobh do FBManna faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas, agus é á mheabhrú dó nach leor seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta iontu féin chun freastal ar a riachtanais infheistíochta agus uas-scálaithe.

27. Molann sé go gcuirfeadh an líonra beartaithe An tAontas ar son an Ghnó leis an saineolas atá ag LFE cheana, ag an Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus ag gníomhaithe réigiúnacha éiceachórais eile, atá comhlántach le FBManna.

Tacaíocht don aistriú glan agus don dícharbónú tionsclaíoch

28. Is geal le CnaR gur cuireadh 43 % den Chiste Eorpach um Iomaíochas ar leataobh don aeráid, ach iarrann sé go mbeadh sainmhínithe soiléire, critéir thrédhearcacha agus torthaí intomhaiste ann chun inchreidteacht a áirithiú, chun an glas-snasú a sheachaint agus chun faireachán agus meastóireacht éifeachtach a chumasú.

29. Tugann CnaR chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag clár LIFE maidir le cur chun feidhme na mbeartas aeráide, fuinnimh agus comhshaoil ar an láthair a áirithiú agus iarrann sé go leanfaí de ghníomhaíochtaí LIFE mar chlár neamhspleách le rialachán sonrach agus béim ar leith á leagan, i nglaonna amach anseo, ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha.

30. Tugann CnaR chun suntais gur cheart do na hinfheistíochtaí faoi CEI díriú ar neodracht theicneolaíoch, lena gcumasófaí réimse leathan réiteach, agus ar an gcaoi sin dícharbónú a chur chun cinn agus slándáil fuinnimh, inacmhainneacht agus cobhsaíocht praghsanna á n-áirithiú san am céanna.

Tacaíocht don tsláinte, don bhith-theicneolaíocht, don talmhaíocht agus don bhithgheilleagar

31. Is díol sásaimh do CnaR an tagairt shainráite don chur chuige 'cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais' agus don tiomantas chun nuálaíocht agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú mar bhonneagar straitéiseach don iomaíochas. Athdhearbhaíonn sé go bhfuil gur iad na rialtais réigiúnacha a bhainistíonn na córais sin in dhá thrian de na Ballstáit.

32. Iarrann CnaR go gcruthófaí Moil Chomhpháirtíochta CEI na mBallstát/na Réigiún chun an ghné áitbhunaithe a thabhairt isteach i rialachas chuspóir sláinte CEI.

Tacaíocht don cheannaireacht dhigiteach

33. Molann CnaR tacaíocht leanúnach a thabhairt do thionscnaimh agus do thionscadail dhíláraithe atá bunaithe cheana féin agus dóibhsean atá ag teacht chun cinn, ar tionscnaimh agus tionscadail iad a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach le linn na gclárthréimhsí atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo, gan beann ar a mhéid a chómhaoinítear iad le buiséad an Aontais má chómhaoinítear ar chor ar bith iad.

34. Iarrann CnaR an athuair ar an gCoimisiún ciste amháin an bhunú, 'Ciste IS do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla' a bhunú mar chuid de na gníomhaíochtaí sonracha chun tacú leis an gceannaireacht dhigiteach, agus é d'aidhm aige dlús a chur le cur chun feidhme iomlán na ngníomhaíochtaí atá beartaithe i ndoiciméid straitéiseacha ábhartha an Aontais.

Tacaíocht don athléimneacht agus don tslándáil, don tionscal cosanta agus don spás

35. Tugann CnaR chun suntais ról na réigiún maidir leis an mbonn tionsclaíoch cosanta a leathnú trí éiceachórais réigiúnacha chumasacha a chuireann leis an gcomhtháthú críochach a ionchorprú, trí thacú le FBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta, agus an ról atá acu maidir le hullmhacht na saoránach, an ghnó agus an bhonneagair áitiúil.

36. Is díol sásaimh do CnaR an méadú suntasach ar infheistíocht sa chosaint agus sa spás faoi CEI. Iarrann sé go mbeadh dlúthchomhordú agus sineirgí ann maidir le hinfheistíochtaí cosanta leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus le sraith soghluaisteachta míleata na Saoráide um Chónascadh na hEorpa. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil beartas spáis an Aontais ag brath ar bhonn tionsclaíoch spáis Eorpach atá láidir agus iomaíoch, rud a bheidh an dé-úsáid ina gné bhunúsach de. Cuireann sé i bhfáth go mbraitheann úsáidí sibhialta agus cosanta ar na hacmhainneachtaí tionsclaíocha céanna agus nach é is cuspóir dó deighilt a chruthú ach infheictheacht, intuarthacht agus leanúnachas soiléir na gclár spáis sibhialta a áirithiú laistigh den Chiste Eorpach um Iomaíochas agus de CAI 2028–2034 a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear Copernicus, Galileo/EGNOS agus IRIS², ionas go ndéanfar cuspóirí sibhialta, seirbhísí sibhialta agus feidhmeanna críochacha a shainaithint go soiléir agus go dtabharfar tacaíocht éifeachtach dóibh.

An Bhruiséil, an 4 Márta 2026.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ